2026/766

16.4.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/766 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Aibreán 2026

lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a mhéid a bhaineann le stádas saor ó ghalair maidir le hinmhíolú le *Echinococcus multilocularis* agus le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga, faoi seach, agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 36(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/429 rialacha maidir le cosc agus rialú galar ainmhithe atá in-tarchurtha go hainmhithe nó go daoine. Tá feidhm aige ón 20 Aibreán 2021, agus leagtar síos leis bearta idirthréimhseacha chun rialacha an Aontais a aisghaireadh agus ar cuireadh rialacha eile ina n-ionad a chumhdach. I ndáil leis sin, le hAirteagal 270(2) de Rialachán (AE) 2016/429 aisghairtear, *inter alia*, Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), lena leagtar síos ceanglais sláinte ainmhithe is infheidhme maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí, agus le hAirteagal 277 de Rialachán (AE) 2016/429, foráiltear go leanfaidh Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 d'fheidhm a bheith aige go dtí an 21 Aibreán 2026 maidir le gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí, in ionad Chuid VI de Rialachán (AE) 2016/429.

(2) Glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/772 ón gCoimisiún ([3]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878 ón gCoimisiún ([4]) ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 576/2013. Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/772, leagtar síos rialacha maidir le bearta coisctheacha sláinte a chur i bhfeidhm chun inmhíolú le *Echinococcus multilocularis* a rialú i madraí atá beartaithe le haghaidh gluaiseachtaí neamhthráchtála isteach i gcríoch Ballstát áirithe nó i gcodanna de chríoch Ballstát áirithe, lena gcuimsítear rialacha maidir le catagóiriú na mBallstát, chun cosc a chur ar inmhíolú *Echinococcus multilocularis* leathadh go codanna den Aontas a aithnítear go hoifigiúil a bheith saor ón ngalar sin. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878, liostaítear na Ballstáit, nó codanna de chríoch na mBallstát, a chomhlíonann na rialacha i ndáil le catagóiriú a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/772, maidir le bearta coisctheacha sláinte a chur i bhfeidhm chun inmhíolú *Echinococcus multilocularis* i madraí a rialú.

(3) Le Rialachán (AE) 2016/429, leagtar síos rialacha sonracha ó thaobh galair de maidir leis na galair liostaithe a chosc agus a rialú mar a shainmhínítear in Airteagal 4, pointe (18), de, agus dá dtagraítear in Airteagal 5(1) de, agus sonraítear ann an chaoi a bhfuil na rialacha sin le cur i bhfeidhm maidir le catagóirí éagsúla de ghalair liostaithe. Le Rialachán (AE) 2016/429, foráiltear freisin maidir leis an bhformheas nó an aistarraingt arna ndéanamh ag an

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meitheamh 2013 maidir le gluaiseacht neamhthráchtála peataí agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 998/2003 (IO L 178, 28.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/576/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/772 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 576/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta coisctheacha sláinte chun ionfhabhtú *Echinococcus multilocularis* i madraí a rialú, agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1152/2011 (IO L 130, 28.5.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2018/772/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878 ón gCoimisiún an 18 Meitheamh 2018 lena nglactar liosta na mBallstát, nó codanna de chríoch na mBallstát, a chomhlíonann na rialacha maidir le catagóiriú a leagtar síos in Airteagal 2(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/772 maidir le bearta coisctheacha sláinte a chur i bhfeidhm chun ionfhabhtú *Echinococcus multilocularis* i madraí a rialú (IO L 155, 19.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/878/oj).

Coimisiún ar stádas saor ó ghalair Ballstát nó criosanna nó deighleoga díobh, maidir le galair liostaithe áirithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de. Ina theannta sin, foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 go mbunóidh na Ballstáit cláir dhíothaithe éigeantacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b), de, agus foráiltear leis maidir le cláir dhíothaithe roghnacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (c), de, agus maidir le formheas na gclár sin ag an gCoimisiún.

(4) Is galar liostaithe é inmhíolú le *Echinococcus multilocularis*, agus i gcomhréir le hAirteagal 9(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2016/429, is galar é atá ábhartha do roinnt Ballstát, agus a bhfuil gá le bearta sláinte ainmhithe ina leith ionas nach leathfaidh sé go codanna den Aontas atá saor go hoifigiúil ó ghalar maidir leis an ngalar sin.

(5) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún ([5]), forlíontar Rialachán (AE) 2016/429, agus leagtar síos ann na critéir maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú, a choinneáil ar bun, a chur ar fionraí agus a aistarraingt i gcás Ballstát nó criosanna nó deighleoga díobh, agus na ceanglais maidir le formheas clár díothaithe Ballstát nó criosanna nó deighleoga díobh.

(6) Leasaíodh Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 le déanaí le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/134 ón gCoimisiún ([6]) chun rialacha mionsonraithe a sholáthar maidir le faireachas, lena gcuimsítear modhanna diagnóiseacha, agus maidir le ceanglais shonracha ó thaobh galair de i ndáil le stádas saor ó ghalair a aithint i dtaca le *Echinococcus multilocularis* agus leis an stádas saor ó ghalair sin a choinneáil ar bun.

(7) Ina theannta sin, le hAirteagal 84 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, arna leasú le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/134, leagtar síos bearta maidir leis na stádais saor ó ghalair atá ann cheana a choinneáil ar bun i ndáil le galair ainmhithe liostaithe, lena gcuimsítear maidir le hinmhíolú le *Echinococcus multilocularis* trí thagairt a dhéanamh do na Ballstáit agus criosanna díobh a bhfuil stádas formheasta saor ó ghalair acu maidir leis an ngalar liostaithe sin arna dheonú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 576/2013. Ós rud é gur aithníodh go bhfuil Ballstáit áirithe saor go hoifigiúil ó inmhíolú le *Echinococcus multilocularis* agus gur liostaíodh iad dá réir sin i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878, ba cheart a áirithiú freisin maidir leis na Ballstáit agus criosanna díobh a bhfuil stádas formheasta saor ó ghalair acu roimh dháta chur i bhfeidhm Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689, go measfar go bhfuil stádas formheasta saor ó ghalair acu i gcomhréir leis an Rialachán Tarmligthe sin.

(8) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún ([7]), leagtar síos rialacha cur chun feidhme maidir leis na galair liostaithe, dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, maidir le hainmhithe, a mhéid a bhaineann leis an stádas saor ó ghalair agus an stádas neamh-vacsaínithe atá ag Ballstáit áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh, agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin. Go sonrach, liostaítear sna hIarscríbhinní a ghabhann leis, na Ballstáit nó criosanna nó deighleoga díobh a bhfuil stádas formheasta saor ó ghalair acu agus a bhfuil cláir dhíothaithe éigeantacha nó roghnacha fhormheasta acu cheana féin. De bharr na leasuithe a rinneadh le déanaí ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/134 a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le hinmhíolú le *Echinococcus multilocularis*, is iomchuí Airteagal 19a nua a chur isteach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 maidir le hinmhíolú le *Echinococcus multilocularis*, agus Iarscríbhinn XIX nua a chur isteach ina liostaítear na Ballstáit nó criosanna díobh a bhfuil stádas saor ó ghalair acu maidir le hinmhíolú le *Echinococcus multilocularis* i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689.

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair i ndáil le galair liostaithe áirithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/689/oj).

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/134 ón gCoimisiún an 20 Eanáir 2026 lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas agus stádas saor ó ghalair maidir le hinmhíolú le *Echinococcus multilocularis* (IO L, 2026/134, 27.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2026/134/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalair agus an stádais neamh-vacsaínithe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin (IO L 131, 16.4.2021, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/620/oj).

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú dá réir.

(10) Ós rud é go bhfuil feidhm ón 22 Aibreán 2026 ar aghaidh ag na leasuithe a dhéantar ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 le Rialachán Tarmligthe (AE) 2026/134, na leasuithe a dhéantar ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 leis an Rialachán seo maidir le hinmhíolú le *Echinococcus multilocularis*, ba cheart feidhm a bheith acu ón dáta sin freisin.

(11) Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil na liostaí a leagtar amach in Iarscríbhinn XIX nua a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 á gcur in ionad na liostaí a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878, mar gheall ar na leasuithe arna ndéanamh leis an Rialachán seo, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878 a aisghairm.

(12) Thairis sin, foráiltear le hAirteagal 9(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 go ndéanfar na Ballstáit nó criosanna díobh a bhfuil stádas saor ó ghalair acu maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) a liostú i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/293 ón gCoimisiún [8] leasaítear an tábla a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, trí roinnt criosanna sa Pholainn a liostú mar chriosanna nach bhfuil stádas saor ó ghalair acu maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga. Mar sin féin, braitheadh earráid toisc go gcomhlíonann na criosanna sin fós na critéir chun an stádas saor ó ghalair a choinneáil ar bun maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga. Dá bhrí sin, is gá an iontráil a bhaineann leis an bPolainn i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a cheartú dá réir. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a cheartú dá réir.

(13) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar a leanas:

(1) cuirtear isteach an tAirteagal 19a seo a leanas:

'*Airteagal 19a*

Inmhíolú le *Echinococcus multilocularis*

Déanfar na Ballstáit nó criosanna díobh a bhfuil stádas saor ó ghalair acu maidir le hinmhíolú le *Echinococcus multilocularis* a liostú in Iarscríbhinn XIX.';

(2) cuirtear Iarscríbhinn XIX nua isteach i gcomhréir le Cuid A den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ceartúcháin ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620

Ceartaítear Cuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 i gcomhréir le Cuid B den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Aisghairm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878

Aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/878.

[8] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/293 ón gCoimisiún an 9 Feabhra 2026 lena leasaítear Iarscríbhinní I go IV, VII, VIII, XI agus XIII agus lena gceartaítear Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a mhéid a bhaineann le formheas nó aistarraingt an stádais saor ó ghalair atá ag Ballstáit áirithe, nó ag criosanna nó deighleoga díobh, i ndáil le galair liostaithe áirithe agus le formheas na gclár díothaithe maidir le galair liostaithe áirithe (IO L, 2026/293, 10.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/293/oj).

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagail 1 agus 3 ón 22 Aibreán 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Aibreán 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

CUID A

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620

Cuirtear an Iarscríbhinn XIX seo a leanas le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620:

'IARSCRÍBHINN XIX

INMHÍOLÚ LE *ECHINOCOCCUS MULTILOCULARIS*

CUID I

Ballstáit nó criosanna díobh a bhfuil stádas saor ó ghalair acu maidir le hinmhíolú le *Echinococcus multilocularis*, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn V, Cuid V, Roinn 2, pointe (1), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689

Ballstát	Críoch
Málta	An chríoch iomlán

CUID II

Ballstáit nó criosanna díobh a bhfuil stádas saor ó ghalair acu maidir le hinmhíolú le *Echinococcus multilocularis*, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Iarscríbhinn V, Cuid V, Roinn 2, pointe (2), de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689

Ballstát (*)	Críoch
an Fhionlainn	An chríoch iomlán
Éire	An chríoch iomlán
an Ríocht Aontaithe (Tuaisceart Éireann)	Tuaisceart Éireann

(*) I gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 5(4) de Chreat Windsor (féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023 ón Aontas agus ón Ríocht Aontaithe sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (IO L 102, 17.4.2023, lch. 87)) i gcomhar le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gCreat sin, chun críocha na hIarscríbhinne seo, baineann tagairtí do na Ballstáit leis an Ríocht Aontaithe i ndáil le Tuaisceart Éireann.'

CUID B

Ceartúcháin ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620

I gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an bPolainn:

'an Pholainn	Críoch iomlán na Polainne, seachas: województwo dolnośląskie; województwo kujawsko-pomorskie; województwo lubuskie; województwo łódzkie; województwo opolskie; województwo pomorskie; województwo śląskie; województwo warmińsko-mazurskie; województwo wielkopolskie; województwo zachodniopomorskie;

	w województwie małopolskim: powiat chrzanowski, powiat olkuski, powiat oświęcimski, w województwie mazowieckim: powiat ciechanowski, powiat gostyniński, powiat makowski, powiat mławski, powiat ostrołęcki, miasto na prawach powiatu Ostrołęka, powiat płocki, miasto na prawach powiatu Płock, powiat przasnyski, powiat pułtuski, powiat sierpecki, powiat żuromiński, w powiecie nowodworskim: gmina Nasielsk, w powiecie ostrowskim: gmina Andrzejewo, gmina Ostrów Mazowiecka, miasto Ostrów Mazowiecka, gmina Stary Lubotyń, gmina Wąsewo, w powiecie płońskim: gmina Baboszewo, gmina Czerwińsk nad Wisłą, gmina Dzierzążnia, gmina Joniec, gmina Naruszewo, gmina Nowe Miasto, gmina Płońsk, miasto Płońsk, gmina Raciąż, miasto Raciąż, gmina Sochocin, w powiecie sochaczewskim: gmina Brochów, gmina Iłów, gmina Młodzieszyn, gmina Nowa Sucha, gmina Rybno, gmina Sochaczew, miasto Sochaczew, w powiecie wyszkowskim: gmina Długosiodło, gmina Rząśnik, gmina Somianka; w województwie podlaskim: powiat augustowski, powiat białostocki, miasto na prawach powiatu Białystok, powiat grajewski, powiat kolneński, powiat łomżyński, miasto na prawach powiatu Łomża, powiat moniecki, powiat sejneński, powiat sokólski, powiat suwalski, miasto na prawach powiatu Suwałki, powiat zambrowski, w powiecie wysokomazowieckim: gmina Czyżew, gmina Kobylin-Borzymy, gmina Kulesze Kościelne, gmina Nowe Piekuty, gmina Sokoły, gmina Szepietowo, gmina Wysokie Mazowieckie, miasto Wysokie Mazowieckie.’